**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra*
*An Cathaoirleach*

25.10.2023

Ms Irene Tinagli
Cathaoirleach
An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim ar an mBeartas iomaíochta – tuarascáil bhliantúil 2023 (2023/2077(INI))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, iarradh ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Ag an gcruinniú a bhí aige an 23 Bealtaine 2023, chinn an coiste an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Rinne an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 25 Deireadh Fómhair 2023. Ag an gcruinniú sin[1], chinn sé a iarraidh ar an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin.

Is mise le meas,

Anna Cavazzini

[1] Bhí na daoine seo a leanas i láthair ag an vótáil chríochnaitheach: Anna Cavazzini (Chair), Andrus Ansip (Vice-Chair), Maria Grapini (Vice-Chair), Alex Agius Saliba, Pablo Arias Echeverría, Laura Ballarín Cereza, Alessandra Basso, Brando Benifei, Adam Bielan, Biljana Borzan, Vlad-Marius Botoş, Dita Charanzová, Deirdre Clune, Geoffroy Didier, Malte Gallée, Claude Gruffat, Svenja Hahn, Eugen Jurzyca, Arba Kokalari, Marcel Kolaja, Kateřina Konečná, Andrey Kovatchev, Maria-Manuel Leitão-Marques, Antonius Manders, Leszek Miller, Anne-Sophie Pelletier, Miroslav Radačovský, René Repasi, Catharina Rinzema, Christel Schaldemose, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Dominik Tarczyński, Róża Thun und Hohenstein, Tom Vandenkendelaere, Kim Van Sparrentak, Marion Walsmann, Stéphanie Yon-Courtin, Eric Minardi (pursuant to Rule 209(7)).

## MOLTAÍ

1. á mheabhrú go bhfuil nasc dílis idir an beartas iomaíochta agus an margadh inmheánach, rud atá soiléir ón téacs féin d'airteagail ón gConradh lena rialaítear beartas iomaíochta an Aontais, Airteagail 101 agus 102 CFAE; á chur in iúl gur geal léi gur aithin an Coimisiún, ina chuid oibre reachtaí agus beartais araon, gur gá an beartas iomaíochta a chomhtháthú le cuspóirí an mhargaidh inmheánaigh a chumann é; ag tabhairt dá haire, i ndáil leis sin, go dtosaíonn réamhrá an Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin Vestager a ghabhann le Tuarascáil Bhliantúil Iomaíochta 2022 ón gCoimisiún (COM(2023)184) ó chomóradh 30 bliain an mhargaidh aonair;

2. á mheabhrú, thairis sin, go bhfuil an beartas iomaíochta dírithe go bunúsach ar an margadh aonair a neartú agus ar ghnóthaí a chumhachtú chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú; á mheabhrú go bhfuil an beartas iomaíochta ceaptha chun geilleagar margaidh oscailte le hiomaíocht shaor, chothrom agus éifeachtach a chothabháil lena dtugtar tús áite do leithdháileadh éifeachtúil acmhainní chun leas tomhaltóirí a fheabhsú ní hamháin trí phraghsanna inacmhainne agus rogha níos fearr táirgí agus seirbhísí nuálacha agus níos inbhuanaithe a sholáthar, ach táirgeadh ar cháilíocht níos fearr a sholáthar freisin, lena ráthaítear ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí;

3. á chur i bhfios gur gá aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar shaobhadh margaidh agus borradh a chur faoin iomaíocht trí bhacainní rialála nach bhfuil údar leo láithreacha a bhaint agus trí ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo a laghdú chun go n-éascófar d'iomaitheoirí nua dul isteach; á chur i bhfáth go laghdaítear corrlaigh bhrabúis agus leibhéil praghsanna mar gheall ar iomaíocht mhéadaithe i margadh na dtáirgí mar aon le bacainní rialála a bhaint nach bhfuil údar leo;

4. á mheas gur cheart go mbeadh rialacha iomaíochta ailínithe le spriocanna foriomlána aistriú inbhuanaithe agus cothrom, lena n-áirítear trí thacú le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus Chomhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide;

5. á mheabhrú go bhfuil an Gníomh um Margaí Digiteacha (DMA)[1] agus an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA)[2] ina gcéimeanna riachtanacha i dtreo margadh aonair digiteach atá comhchuibhithe, cothrom agus iomaíoch;

6. á athdhearbhú go bhfuil gá le DMA a chur chun feidhme go hiomlán agus go tráthúil, ionas go mbainfear amach an acmhainneacht a d'fhéadfadh a bheith ag margaí oscailte do ghnóthaí agus do thomhaltóirí; ag spreagadh an Choimisiúin, i ndáil leis sin, aird ar leith a thabhairt ar fhorfheidhmiú iomlán agus tráthúil na n-oibleagáidí idir-inoibritheachta i gcás geatóirí faoi Airteagal 7, lena n-áirítear an fhéidearthacht raon feidhme na forála sin a leathnú chun seirbhísí líonra sóisialta a chumhdach, mar a shamhlaítear i gclásal athbhreithnithe DMA; á chur in iúl go bhfuil sí ag tnúth le críochnú trédhearcach agus rathúil an phróisis chun geatóirí a ainmniú, ní hamháin ar bhonn na gcritéar cainníochtúil in Airteagal 3(2), ach ar bhonn an mheasúnaithe cháilíochtúil in Airteagal 3(8) freisin;

7. á iarraidh ar an gCoimisiún a shamhlú cheana anois imscrúdú margaidh a sheoladh faoi

[1] Rialachán (AE) 2022/1925.
[2] Rialachán (AE) 2022/2065.

Airteagal 19 DMA agus é mar aidhm leis scrúdú a dhéanamh an bhfuil seirbhísí nua san earnáil dhigiteach ar cheart iad a chur le liosta Airteagal 2(2) DMA i bhfianaise na bhforbairtí teicneolaíochta is déanaí; ag spreagadh an Choimisiúin chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh go luath chun síneadh a chur leis na módúlachtaí chur i bhfeidhm nó chun módúlachtaí chur chun feidhme na n-oibleagáidí a leagtar síos in Airteagail 5, 6 agus 7 mar a leagtar amach in Airteagal 12 DMA a shonrú i bhfianaise a bhfuil foghlamtha -freisin- ó na ceardlanna a eagraíodh le bliain anuas;

8. á aithint, chuige sin, go bhfuil obair shuntasach déanta ag an gCoimisiún go dtí seo le linn na hacmhainní is gá a chur ar fáil don chur chun feidhme; ag cur béim, mar sin féin, ar a phráinní atá sé go n-úsáidfidh an Coimisiún an oiread acmhainní, idir acmhainní airgeadais agus acmhainní daonna, a mhéid is féidir agus a éifeachtúla is féidir chun a áirithiú go gcuirfear DMA chun feidhme go rathúil;

9. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh le déanaí an gníomh tarmligthe lena sonraítear na hardáin an-mhór ar líne agus na hinnill chuardaigh an-mhór faoi DSA; á chur i bhfios go láidir nach mór do na hardáin agus na hinnill chuardaigh sin rioscaí sistéamacha a shainaithint, a anailísiú agus a mheasúnú agus beart maolaithe éifeachtach a chur ar bun; ag spreagadh an Choimisiúin aird ar leith a thabhairt ar fhorfheidhmiú na gceanglas sin in éineacht le forfheidhmiú DSA ina iomláine;

10. á áitiú gur gá don Choimisiún leanúint de bheartas a shaothrú, mar chur chuige bunúsach, chun na rialacha iomaíochta a fhorfheidhmiú go gníomhach maidir leis an margadh aonair digiteach, rud atá ríthábhachtach chun go mbainfidh tomhaltóirí tairbhe as buntáistí na margaí tábhachtacha sin ó thaobh rogha níos mó agus praghsanna níos ísle de agus chun borradh a chur faoin iomaíochas gnó; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis sin, bainistiú gníomhach cásanna an Choimisiúin le blianta beaga anuas maidir le roinnt gníomhaithe i margaí digiteacha, cé go dtógann an próiseas cinnteoireachta an iomarca ama fós uaireanta chun imscrúduithe nua a oscailt agus chun clabhsúr a chur ar imscrúduithe oscailte; á iarraidh go leanfaí den fhorfheidhmiú láidir agus neamhchlaonta sin ar na rialacha iomaíochta agus go dtabharfaí imeachtaí forfheidhmiúcháin a tionscnaíodh chun críche a luaithe is féidir, agus an aird is mó á tabhairt ar iomaíocht ar mhargaí digiteacha an Aontais a chothabháil go hiomlán;

11. á áitiú freisin gur gá don Choimisiún a fhorfheidhmiú leanúnach i ndáil le margaí digiteacha a chomhordú faoi na rialacha iomaíochta traidisiúnta a leagtar síos sa Chonradh, i.e. Airteagail 101 agus 102 CFAE, arb ionann é agus forfheidhmiú *ex post* iartheachtach, le forfheidhmiú *ex ante* réamhtheachtach i ndáil leis na margaí céanna mar is féidir anois faoi DMA, go háirithe sna réimsí margaidh sin nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin (fós); á iarraidh ar an gCoimisiún a bheith airdeallach i ndáil leis sin maidir le héifeachtaí dlíthiúla na mbealaí forfheidhmithe éagsúla, agus comhleanúnachas a áirithiú ina chur chuige maidir le torthaí beartas agus neart an fhorfheidhmithe i ngach cás;

12. á iarraidh ar an gCoimisiún rialacha rialaithe cumasc, lena dtugtar aghaidh ar "díoth-éadálacha", mar a thugtar orthu, a neartú chun cothrom iomaíochta a ráthú do FBManna san Eoraip agus sa gheilleagar ina iomláine; á chur in iúl sa bhreis air sin gur cheart aird ar leith a thabhairt ar thionchar an chomhchruinnithe sonraí a eascraíonn as díriú ar an gceart chun príobháideachais agus chun sonraí a chosaint; ag tathant ar an gCoimisiún na tosca thuasluaite agus na tosca neamhairgeadaíoch a chur i gcuntas agus margaí digiteacha agus poist chumhachta sna margaí sin á sainiú;

13. ag athdhearbhú, thairis sin, a hiarrata ar an gCoimisiún leanúint d'fhaireachán gníomhach a dhéanamh ar gheoblhocáil nach bhfuil údar léi agus ar shrianta eile ar dhíolacháin trasteorann ar líne agus iadsan a bhaint, ina bhfuil croíchur chuige atá ar son an tomhaltóra lárnach sna gníomhaíochtaí sin chun go mbeidh tomhaltóirí in ann rochtain a fháil ar rogha níos mó táirgí agus seirbhísí ar fud an Aontais;

14. á chur in iúl gur geal léi an cur chuige nua sna cásanna in aghaidh trustaí is déanaí, i gcás go samhlaíonn an Coimisiún den chéad uair agus faoi choinníollacha áirithe go bhforchuirfear leigheasanna struchtúracha chun stop a chur le hiompar frithiomaíoch, go háirithe nuair a bheidh an cleachtas frithiomaíoch atá i gceist athdhearbhaithe i ndeighleoga eile margaidh ag an gcuideachta chéanna thar na blianta; ag moladh don Choimisiún, i ndáil leis sin, leanúint ar aghaidh sa treo sin d'fhorfheidhmiú éifeachtach *ex-post* in aghaidh trustaí;

15. ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar éifeacht fhrithiomaíoch na srianta soláthair críochacha d'fhonn margadh aonair lánfheidhmiúil a áirithiú agus leas a bhaint as na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis do thomhaltóirí; á athdhearbhú go bhféadfadh na cineálacha éagsúla srianta sin a bheith i bhfoirmeacha éagsúla, amhail diúltuithe táirgí nó seirbhísí áirithe a sholáthar, bagairtí go gcuirfí isteach ar an soláthar do dháileoir ar leith, teorainn a chur leis na cainníochtaí atá ar fáil lena ndíol, difreáil gan mhíniú laistigh de raonta táirgí agus praghsanna idir na Ballstáit nó líon teoranta roghanna teanga ar phacáistiú táirgí; á mheabhrú nach difreáil táirgí agus idirdhealú praghsanna srianta soláthair críochacha go huathoibríoch agus, fad a chomhlíonann siad dlí an Aontais is infheidhme, go bhféadfaidís a bheith bunaithe ar chleachtais nó cinntí gnó réasúnacha agus inchosanta;

16. á mheabhrú go bhfuil gá, ar fud an domhain, le cistiú poiblí leordhóthanach a leithdháileadh go héifeachtúil, agus le rochtain ar mhaoiniú príobháideach inacmhainne, ar bhonn bliantúil agus leanúnach, chun a áirithiú go gcomhlíonfar cuspóirí Chlár an Mhargaidh Aonair,[3] lena n-áirítear an chomhchuid beartais iomaíochta de, eadhon feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú agus saoránaigh, tomhaltóirí agus gnóthaí, go háirithe FBManna, a chosaint agus a chumhachtú;

17. ag tabhairt dá haire gur ghlac an Coimisiún Creat Géarchéime Sealadach i mí an Mhárta 2022, a bhfuil síneadh curtha leis anois go dtí deireadh 2023, chun an tionchar diúltach sóisialta agus eacnamaíoch ar AE mar gheall ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a laghdú; á iarraidh ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar aon fhorbairt sa réimse sin agus measúnú a dhéanamh an bhfuil gá le tuilleadh athruithe sealadacha ar na rialacha maidir leis an Státchabhair, agus a áirithiú ag an am céanna nach gcruthófar saobhadh buan sa mhargadh inmheánach leis na bearta sealadacha sin;

18. ag tabhairt dá haire go mbeidh gá, i gcásanna iomchuí áirithe, leis an Státchabhair a sholáthar mar atá aitheanta ag an gCoimisiún chun infheistíochtaí a shlógadh ar an scála is gá chun spriocanna laghdaithe astaíochtaí 2030 a bhaint amach; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún na rialacha maidir leis an Státchabhair a ailíniú le hiarrachtaí an Aontais i dtreo an dícharbónaithe, go háirithe i gcás an aistrithe fuinnimh; á chur in iúl gur saoth léi, mar riail ghinearálta, nach bhfuil aon choinníollú glas ag gabháil le le formheas na Státchabhrach; á iarraidh go ndéanfaí rialacha maidir leis an Státchabhair a ailíniú leis na spriocanna foriomlána

[3] Rialachán (AE) 2021/690.

i gcás aistriú inbhuanaithe agus cothrom;

19. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart do rialacha iomaíochta i réimse na seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta (SGEInna) rochtain na saoránach ar sheirbhísí poiblí bunúsacha a chosaint; á mheabhrú go bhfuil gá le Státchabhair atá spriocdhírithe ar bhealach níos fearr do SGEInna, lena n-áirítear fuinneamh, iompar, teileachumarsáid, sláinte agus tithíocht.